

Athbhreithniú Bliantúil 2026

Achoimre do Chách

Athbhreithniú Bliantúil 2026: Achoimre do Chách

An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide
Áras McCumiskey Richview, Bóthar Chluain Sceach
Baile Átha Cliath 14, D14 YR62

Teil: 01 2680180

Ríomhphost: info@climatecouncil.ie

www.climatecouncil.ie

© An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide 2026

ISBN: 978-1-80009-362-1

Conas an doiciméad seo a lua:

An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (2026), *Athbhreithniú Bliantúil 2026: Achoimre do Chách*. https://www.climatecouncil.ie/councilpublications/



Clár Abhár

Cad é an tAthbhreithniú Bliantúil?	1
Tá aeráid na hÉireann ag athrú, agus tá tionchar aige sin ar dhaoine, ar áiteanna agus ar an dúlra	2
Athbhreithniú Bliantúil 2026	3
Moltaí i leith Earnáil an Leictreachais	4
Moltaí i leith Earnáil an Iompair	5
Moltaí i leith Earnáil na Timpeallachta Tógtha	6
Moltaí i leith Earnálacha na Talmhaíochta agus na Talamhúsáide, an Athraithe ar Thalamhúsáid agus na Foraoiseachta	7
Moltaí i leith oiriúnú don athrú aeráide agus seasmhacht ina leith	8
Moltaí i leith na nEarnálacha Tionsclaíochta agus Dramhaíola	9
Moltaí i leith na bithéagsúlachta	10
Cad iad spriocanna na hÉireann maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa?	11
Cad is buiséad carbóin ann?	11
Cad is uasteorainn astaíochtaí earnála ann?	11

Cad é an tAthbhreithniú Bliantúil?

Is comhlacht comhairleach neamhspleách í an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide a bhfuil sé de chúram uirthi measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil Éire ag tabhairt faoin aistriú chuig geilleagar atá neodrach, seasmhach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus comhairle a sholáthar ina leith sin.

Gach bliain déanann an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide athbhreithniú ar fheidhmíocht na hÉireann an bhliain roimhe sin maidir leis na nithe seo a leanas:

- astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú,
- oibleagáidí na hÉireann a chomhlíonadh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus an leibhéal idirnáisiúnta,
- an buiséad carbóin agus gach uasteorainn i dtaobh astaíochtaí earnála a chomhlíonadh i leith na tréimhse sin,
- dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach agus Éire a ullmhú i gcomhair na gcoigeartuithe is gá le bheith réidh le haghaidh tionchar an athraithe aeráide.

Tugtar achoimre san Athbhreithniú ar na sonraí agus na réamh-mheastacháin is déanaí maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa i leith gach earnála den gheilleagar agus déantar moltaí i dtaobh gníomhaíochtaí a bhaineann le hearnálacha sonracha chun tacú leis an iarracht na huasteorainneacha astaíochtaí earnála a chomhlíonadh. Ina dheich gcuid atá Athbhreithniú Bliantúil 2026:

- An tAthrú Aeráide in 2025,
- Athbhreithniú ar Earnáil an Leictreachais,
- Athbhreithniú ar an Earnáil Iompair,
- Athbhreithniú ar Earnáil na Timpeallachta Tógtha,
- Athbhreithniú ar Earnáil na Talmhaíochta agus na Talamhúsáide, an Athraithe ar Thalamhúsáid agus na Foraoiseachta,
- Ullmhú i gcomhair an Athraithe Aeráide in Éirinn,
- Athbhreithniú ar Earnáil na Tionsclaíochta agus na Dramhaíola,
- Athbhreithniú ar an mBithéagsúlacht,
- Athbhreithniú Trasearnála.

Is é an chuid seo, Achoimre do Chách, an deichiú cuid agus an chuid dheireanach d'Athbhreithniú Bliantúil 2026. Déantar achoimre anseo ar na príomhthorthaí a leagtar amach i ngach cuid den Athbhreithniú Bliantúil agus tugtar achoimre ar na príomh-mholtaí a rinneadh.



Tá aeráid na hÉireann ag athrú, agus tá tionchar aige sin ar dhaoine, ar áiteanna agus ar an dúlra

Tá aeráid na hÉireann ag athrú. Bhí 2025 ar an dara bliain ba theo riamh de réir an taifid, agus bhí 7 gcinn de na 10 mbliana ba theo againn ó bhí 2005 ann. Ba é earrach na bliana 2025 an ceann ba theo a taifeadadh riamh, agus ba é samhradh na bliana 2025 an ceann ba theo a taifeadadh an tráth sin. Bhí an dá shéasúr ní ba thirime ná an meán agus bhí meánteochtaí an tsamhraidh beagnach 2°C os cionn an mheáin fhadtéarmaigh don tréimhse 1961–1990. D'fhógair Uisce Éireann go raibh 49 soláthar uisce phoiblí ar fud 15 chontae i riocht triomaigh, rud a d'fhág go raibh an t-uisce gann ar feadh i bhfad agus gur eisíodh orduithe caomhnaithe uisce. Ba é fómhar na bliana 2025 an ceathrú fómhar ba fhliche riamh agus bhí sé cinn de na deich bhfómhar ba fhliche againn idir 2001 agus an lá inniu.

Tháinig gaoth nach bhfacthas a leithéid sa tír seo roimhe seo chugainn le Stoirm Éowyn i mí Eanáir 2025 agus ba í an stoirm ba chostasaí riamh sa tír seo í i dtaobh árachais de: bhí iomlán na n-éileamh a rinneadh de dheasca na stoirme os cionn €301 milliún. Fuarthas i staidéar aitreabúideachta[a] go raibh an bháisteach le linn Stoirm Claudia i mí na Samhna 2025 beagnach 12% ní ba throime ná mar a bheadh amhlaidh in aeráid ní ba fhuaire, roimh ré na tionsclaíochta.

Bhí na dálaí adhaimsire sin fós i réim in 2026. Roimh Stoirm Chandra ar an 26 agus 27 Eanáir 2026, thaifead áiteanna i ndeisceart agus in oirthear na hÉireann trí nó ceithre oiread an meánmhéid báistí a thiteann sna ceantair sin. Fágadh dobharcheantair sáithithe agus aibhneacha ardaithe, agus tharla drochthuilte in áiteanna i mBaile Átha Cliath agus Loch Garman. Don dara bliain as a chéile, bhí an samhradh in Éirinn ar an gceann ba theo ó tosaíodh ag coinneáil taifead ar an teocht sa bhliain 1900. Bhí an mheánteocht i samhradh na bliana 2026 0.09°C ní b'airde ná mar a bhí in 2025 agus 2°C os cionn mheánteocht fhadtéarmach na tréimhse 1961–1990. Ghabhann an baol go dtarlóidh tonnta teasa agus triomach leis an athrú aeráide agus tá a dtionchar siúd ag dul i méid in Éirinn.

Tráth atá tionchar an athraithe aeráide ag teacht níos mó chun solais, tá Éire ag leanúint ar aghaidh ag cur lena tuiscint ar rioscaí aeráide agus lena cumas freagairt dóibh. Tá dul chun cinn mór á dhéanamh maidir le monatóireacht a dhéanamh ar an aeráid, réamhaisnéis agus seirbhísí aeráide, agus áirítear leis an obair sa réimse sin an leathnú ar ghréasán radar aimsire Met Éireann, staidéir aitreabúideachta i leith na haeráide trí thionscadal WASITUS,[b] foilsiú an Mheasúnaithe Náisiúnta ar Riosca an Athraithe Aeráide, agus forbairt réamh-mheastachán ardtaifigh ar an aeráid tríd an gclár TRANSLATE.

Ar fud an domhain, ó 2015 go 2025, taifeadadh an 11 bhliain ba theo ar domhan le linn 176 bliain den bhreathnóireacht, agus ba iad na 3 bliana dheireanacha na 3 bliana ba theo. Tá méadú mór tagtha ar ráta téite na n-aigéan le scór bliain anuas agus bhí teochtaí na n-aigéan in 2025 ina measc siúd b'airde riamh. Tá an t-ardú ar theocht na farraige ag cur le neart na stoirmeacha, leis an méid oighear farraige atá ag leá agus leis an ardú ar leibhéal na farraige. An cumas atá ag linn charbóin nádúrtha an phláinéid maidir le carbón a thógáil isteach ón atmaisféar, tá sé ag dul i laghad de dheasca an ardaithe teochta, an triomaigh agus an dífhoraoisithe. Sa bhliain 2025, rinneadh damáiste a chosain níos mó ná €100 billiún de dheasca na ndeich mbabhta adhaimsire ba chostasaí. Tá tiúchan na bpríomhghás ceaptha teasa – dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil – ar na leibhéil is airde riamh. Tá ag teip ar iarrachtaí domhanda astaíochtaí a laghdú, rud a fhágann go bhfuil an pláinéad fós ag éirí níos teo agus gur mó an dóchúlacht go dtarlóidh babhtaí adhaimsire agus a ndéine.

a Anailís is ea staidéar aitreabúideachta a chuidíonn lena chinneadh mar atá an t-athrú aeráide ag dul i bhfeidhm ar dhóchúlacht agus ar dhéine babhtaí adhaimsire.

b Weather Attribution Science Irish Operational User Service [Seirbhís Úsáideoirí Oibríochtúla na hÉireann maidir le hEolaíocht Aitreabúideachta i réimse na hAimsire].



Athbhreithniú Bliantúil 2026

Tá foláireamh ón gComhairle in Athbhreithniú Bliantúil 2026: mar gheall go bhfuilimid fós ag brath ar bhreoslaí iontaise a allmhairítear, tá an baol ann go ngabhfaidh géarchéimeanna idirnáisiúnta breoslaí iontaise i bhfeidhm ar Éirinn agus tá an soláthar fuinnimh i mbaol. Fágann na hathruithe a rinneadh ar an gcáin charbóin i mBuiséad 2027, agus fóirdheontais a bheith fós ann i leith breoslaí iontaise, gur lú an dreasacht atá ann i dtaobh bogadh ar shiúl ó bhreoslaí iontaise, agus tá an baol ann go gcaillfidh Éire a maolú ETS2,[c] rud a d'fhéadfadh cur leis an gcostas a bhíonn ar thomhaltóirí agus gnólachtaí agus an maoiniú le haghaidh na gníomhaíochta ar son na haeráide a laghdú.

Níl Éire ar an mbóthar ceart chun a gealltanais aeráide a chomhlíonadh ar an leibhéal náisiúnta ná ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Fágann moilleanna ar fhoilsiú agus ar chur i bhfeidhm Pleananna Gníomhaíochta ar son na hAeráide, agus ar thrasuí reachtaíocht an Aontais, go gcuirtear isteach ar phleanáil agus ar infheistíocht agus gur lú an mhuinín a bhíonn ag daoine as gealltanais aeráide an Rialtais. Tá an baol ann nach mbeidh fáil ag Éirinn ar mhaoiniú nach beag ón Aontas Eorpach mura gcuirfear isteach roinnt pleananna náisiúnta a cheanglaítear a ullmhú faoi dhlí an Aontais.

Tá fardail astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann á bhfeabhsú i gcónaí chun teacht leis an tuiscint eolaíoch is déanaí, ach tá na buiséid charbóin fós statach, rud a fhágann go bhfuil sé ag éirí níos deacra comparáid a dhéanamh idir an dá rud. Cé go léiríonn fardail shealadacha astaíochtaí go bhfuiltear ag cloí leis an gcéad bhuiséad carbóin, is é an chúis is mó leis sin go bhfuil meastacháin léasaithe – cinn laghdaithe – déanta ar astaíochtaí in Earnáil na Talmhaíochta agus san Earnáil Talamhúsáide, Athraithe ar Thalamhúsáid agus Foraoiseachta (LULUCF). É sin ráite, meastar go sáróidh Éire an dara buiséad carbóin agus na spriocanna atá leagtha síos ag an Aontas i leith 2030 agus gur sárú mór a bheidh ann, fiú sa chás is dóchasaí, agus go bhféadfadh costais mhóra comhlíontachta a bheith le híoc leis an Aontas.

Moltaí foriomlána

Beartais a chur i ngníomh

Ba cheart don Rialtas buiséid charbóin a chur in iúl mar laghduithe i bhfoirm chéatadáin agus filleadh ar an treocht bhunaidh maidir le cánacha carbóin chun comharthaí éifeachtacha maidir le praghas a choinneáil i réim, sruth ioncaim iontaofa a sholáthar le haghaidh dícharbónú agus maolú ETS2 na hÉireann a chosaint. Ba cheart eolaíocht iompraíochta a chomhtháthú sa bheartas aeráide, agus úsáid a bhaint as fianaise ar dhearcaí agus iompraíocht an phobail chun tacú le hidirghabhálacha éifeachtacha, spriocdhírithe.

Moltaí i leith oiriúnú don athrú aeráide agus seasmhacht ina leith

I gCreat an Aontais um Athléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide, leagtar amach cur chuige coiteann maidir le pleanáil don oiriúnú, bunaithe ar leibhéil téimh tagartha de 1.5°C faoi 2030, 2°C faoi 2050 agus 3°C faoi 2100. Chun beatha daoine, a slí bheatha agus an geilleagar a chosaint, ba cheart don Rialtas treocht thagartha náisiúnta um théamh a ghlacadh chun an phleanáil le haghaidh oiriúnú in Éirinn a threorú agus chun costas na hinfheistíochta san oiriúint a mheas, ionas gur féidir bonn eolais a chur faoin straitéis fhadtéarmach maidir le maoiniú an oiriúnaithe, faoina slógfar maoiniú príobháideach agus maoiniú poiblí araon.

Pleanáil do phobail agus do dhaoine

Ba cheart don Rialtas Plean Aeráide Sóisialta na hÉireann a chur i gcrích ar bhonn práinne ionas go mbeidh fáil ar mhaoiniú ón Aontas, agus tacaí spriocdhírithe breise a chur ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí, go háirithe iad siúd atá bocht ó thaobh fuinnimh de. Chun athbheochan a dhéanamh ar phobail tuaithe agus cur lena seasmhacht, ba cheart don Rialtas a chinntiú go leagfar béim ar fhás dlúth sa bheartas tithíochta tuaithe, gur lú a bheifear ag brath ar charranna, go dtacófar leis an rochtain ar sheirbhísí agus go laghdófar an leibhéal leochaileachta i leith thionchair dhíobhálacha na haeráide, amhail an leictreachas a bheith gearrtha amach ar feadh i bhfad.

c Is scéim nua trádála carbóin de chuid an Aontais Eorpaigh é Córas Trádála Astaíochtaí 2 (ETS2), faoina bhfuil aghaidh á tabhairt ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a eascraíonn den chuid is mó as iompar de bhóthar agus as earnáil na timpeallachta tógtha. Ciallaíonn maolú nach bhfuil feidhm ag codanna den dlí maidir le hÉirinn a fhad agus a chomhlíontar coinníollacha áirithe.



Moltaí i leith Earnáil an Leictreachais

Foilsíodh é seo ar dtús an 13 Bealtaine 2026

An eangach leictreachais

Chun dlús a chur leis an soláthar fuinnimh in-athnuaite agus leis an obair chun an córas leictreachais a bheith níos éifeachtúla, ba cheart don Rialtas a chinntiú, agus an tAcht um Bonneagar Ríthábhachtach, 2026 á chur i ngníomh aige, go dtabharfar tús áite do thionscadail chun an eangach leictreachais a neartú, agus go mbeidh amlínte agus línte cuntasachta soiléire leagtha síos ina leith sin. Tacaíonn an Chomhairle leis an gcuspóir dlús a chur le bonneagar ríthábhachtach le haghaidh leictreachais in-athnuaite ach, é sin ráite, níor cheart go gcuirfeadh sé sin isteach ar chumas na hÉireann an Cuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach. Ba cheart bonneagar breosla iontaise a chur as an áireamh go sainráite i gcónaí freisin sa reachtaíocht maidir le sreanga príobháideacha.

Pleanáil

Ba cheart don Rialtas agus dá ghníomhaireachtaí dlús a chur leis na príomh-athchóirithe pleanála agus beartais atá riachtanach in 2026 chun fuinneamh in-athnuaite a sholáthar. Ina measc siúd tá glacadh Straitéisí Réigiúnacha Fuinnimh In-athnuaite, trasuí Threoir leasaithe an Aontais maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus ainmniú limistéar ina gcuirfear dlús leis an soláthar fuinnimh in-athnuaite, bailchríoch a chur ar an leagan athbhreithnithe den Bheartas Náisiúnta Calafort agus próiseas comhordaithe a fhorbairt chun tacú le hathchumhachtú gaoithe ar tír laistigh de limistéir faoi chosaint.


Seasmhacht

I bhfianaise thionchar Stoirm Éowyn, is léir go mbeidh baol ann amach anseo mar gheall ar an athrú aeráide agus is léir an gá atá le seasmhacht an tsoláthair leictreachais a bheith ina gné lárnach den straitéis náisiúnta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide. Ba cheart don Rialtas, ar bhonn práinne, cur leis an infheistíocht i seasmhacht na n-eangach leictreachais ar fud an bhonneagair chriticiúil, teaghlach agus pobal. Ba cheart a áireamh leis sin réitigh chúltaca leictreachais íseal-astaíochtaí ar scála mór le haghaidh bonneagar uisce, teileachumarsáide agus sláinte; ionaid tacaíochta pobail; agus deontais spriocdhírithe le haghaidh ceallraí tí chun leictreachas a stóráil agus lasca athraitheachta a shuiteáil. Anuas air sin, ba cheart don Rialtas an Bille Leictreachais (Soláthar) (Leasú) a cheadú go práinneach chun tacú le conairí foraoiseachta a bhunú agus iad a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don dúlra.

Príomhfhíricí: Earnáil an Leictreachais


Uasteorainn astaíochtaí earnála 2021–2025

Dul chun cinn bunaithe ar an meastachán sealadach ar astaíochtaí



Uasteorainn astaíochtaí earnála 2026–2030

A mhéid a mheastar a shárófar an uasteorainn bunaithe ar an ngníomhaíocht faoi láthair:





Moltaí i leith Earnáil an Iompair

Foilsíodh é seo ar dtús an 17 Meitheamh 2026

Géarchéim na mbreoslaí iontaise

Ba cheart don Rialtas fáil réidh le comhpháirteanna neamh-spriocdhírithe de na bearta éigeandála a tugadh isteach mar fhreagairt ar ghéarchéim na mbreoslaí iontaise agus bearta sealadacha a chur ina n-áit, cinn a bheidh dírithe ar na daoine is leochailí sa tsochaí, agus ag an am céanna ba cheart dó na harduithe a bhí beartaithe ar an gcáin charbóin a chur i bhfeidhm arís agus an t-ioncam a úsáid chun tacú leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide agus le hAistriú Cóir.

Iompar poiblí

Ba cheart cur leis an maoiniú atá ann cheana do sheirbhísí iompair phoiblí agus do thionscadail tosaíochta, ar nós DART+ an Iardheiscirt, Luas Fhionnghlaise agus Clár Infheistíochta Páirceála agus Taisteal an Údaráis Náisiúnta Iompair, agus iad a chur i bhfeidhm níos luaithe, chun acmhainn, iontaofacht agus minicíocht na seirbhísí a fheabhsú, ionas go mbeidh daoine in ann aistriú chuig seirbhísí iompair phoiblí agus go laghdófar an plódú tráchta.

An t-éileamh atá ar fheithiclí leictreacha

Ba cheart don Rialtas a chinntiú go dtabharfar tacaíochtaí leanúnacha, spriocdhírithe isteach ionas gur fusa ar theaghlaigh ísealioncaim agus ar theaghlaigh atá ag brath ar ghluaisteáin feithiclí leictreacha a cheannach, agus an t-aistriú chuig feithiclí leictreacha a chur chun cinn go gníomhach sa Scéim Iompair Scoile. Anuas air sin, ba cheart don Rialtas a chinntiú go bhfuil fáil éasca ar eolas poiblí faoi luchtú feithiclí leictreacha, gur féidir brath ar an eolas sin agus go bhfuil sé cothrom le dáta, agus go dtabharfar isteach caighdeáin shoiléire seirbhíse chun cur le muinín an phobail as an mbonneagar luchtaithe.


Gréasán iompair seasmhach

Ba cheart baol an athraithe aeráide agus an oiriúint dó a chur sa mheá i ngach mórchinneadh pleanála agus infheistíochta i réimse an iompair. I measc na gcinntí sin tá an leagan nuashonraithe den Bheartas Náisiúnta Calafort, an clár bliantúil um Leithdháileadh Deontas do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, treoirlínte bainistithe sócmhainní a bhaineann le draenáil agus lámhleabhair dhearaidh do bhóithre náisiúnta, chomh maith le tionscadail mhóra a dtugtar tús áite dóibh faoi Straitéis um Ord Tosaíochta na dTionscadal Iarnróid.

Príomhfhíricí: Earnáil an Iompair

Uasteorainn astaíochtaí earnála 2021–2025

Dul chun cinn bunaithe ar an measchán sealadach ar astaíochtaí



Uasteorainn astaíochtaí earnála 2026–2030

A mhéid a mheastar a shárófar an uasteorainn bunaithe ar an ngníomhaíocht faoi láthair:





Moltaí i leith Earnáil na Timpeallachta Tógtha

Foilsíodh é seo ar dtús an 29 Iúil 2026

An spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú

Ba cheart don Rialtas an treo a bhí beartaithe maidir leis an gcáin charbóin agus an úsáid spriocdhírithe a bhí beartaithe ina leith a chur i bhfeidhm arís chun tacú le teaghlaigh leochaileacha agus iad ag aistriú chuig rogha eile in ionad breoslaí iontaise costasacha chun a n-áiteanna cónaithe a théamh. Aon tacaí breise maidir le costas maireachtála a thabharfar isteach le linn ghéarchéim na mbreoslaí iontaise, ba cheart iad a bheith sealadach agus ba cheart iad a dhíriú ar na daoine is leochailí. Ba cheart a áireamh leis an ngníomhaíocht fhadtéarmach maidir le hinacmhainneacht fuinnimh dlús a chur le suiteáil fuinnimh gréine i gcás tithíocht ar cíos agus tithíocht shóisialta.

Dlús a chur le téamh agus athfheistiú ísealcharbóin

Ba cheart an Plean Náisiúnta Athchóirithe Foirgneamh atá curtha siar a fhoilsiú ar bhonn práinne agus plean soiléir a áireamh ann i dtaobh deireadh a chur de réir a chéile le coirí breosla iontaise faoi 2040 nó roimhe sin, mar a cheanglaítear leis an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh. Is le breosla iontaise a fhreastalaítear ar thart ar 90% den éileamh atá ar theas faoi láthair, agus mar sin ba cheart creat beartais soiléir a bhunú chun teas a dhícharbónú, lena n-áirítear cur i bhfeidhm straitéise teasa náisiúnta agus é a bheith ina bheart práinneach bailchríoch a chur ar an mBille Teasa agus ar an mBille um Fhuinneamh Geoiteirmeach. Ba cheart don Rialtas maoiniú leanúnach, méadaithe a chur ar fáil chun dlús a chur leis an obair athchóirithe ar thithíocht shóisialta, agus ba cheart scéimeanna maoinithe athchóirithe atá ann cheana a athbhreithniú chun bacainní a aithint, chun cur leis an bhfáil atá ar na scéimeanna agus chun cur le líon na ndaoine a bhaineann leas astu.


Feabhas a chur ar sheasmhacht foirgneamh

Leis an bPlean Náisiúnta Athchóirithe Foirgneamh, ba cheart seasmhacht a chomhtháthú san obair athchóirithe a dhéantar, agus aird á tabhairt ar chosaint tuilte, éifeachtúlacht maidir le húsáid uisce agus bearta feabhsaithe maidir le rialáil theirmeach. Ba cheart don Rialtas athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtadh scóipeála na hearnála um an Timpeallacht Tógtha agus Pleanáil agus clár oibre soiléir a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh an earnáil ullamh chun plean oiriúnaithe don earnáil sin a chur i bhfeidhm sa chéad timthriall eile. Anuas air sin, ba cheart don Rialtas dlús a chur le forbairt phleananna bainistíochta i ndáil le hathrú cósta i gceantair leochaileacha thosaíochta, agus machnamh straitéiseach, réamhghníomhach á dhéanamh ar athlonnú ar bhonn pleanáilte nuair is gá.


Príomhfhíricí: Earnáil na Timpeallachta Tógtha

Uasteorainn astaíochtaí earnála 2021–2025 Dul chun cinn bunaithe ar an meastachán sealadach ar astaíochtaí

an Earnáil Chónaitheach




an Earnáil Tráchtála agus an Earnáil Phoiblí




Uasteorainn astaíochtaí earnála 2026–2030 A mhéid a mheastar a shárófar an uasteorainn bunaithe ar an ngníomhaíocht faoi láthair:


an Earnáil Chónaitheach – le bearta atá ann cheana




an Earnáil Chónaitheach – le bearta breise



an Earnáil Tráchtála agus an Earnáil Phoiblí – le bearta atá ann cheana



an Earnáil Tráchtála agus an Earnáil Phoiblí – le bearta breise





Moltaí i leith Earnálacha na Talmhaíochta agus na Talamhúsáide, an Athraithe ar Thalamhúsáid agus na Foraoiseachta

Foilsíodh é seo ar dtús an 9 Meán Fómhair 2026

Rialachas agus dearadh beartais

Ba cheart don Rialtas an bonn fianaise a neartú le haghaidh gníomhaíocht ar son na haeráide agus cur i ngníomh bearta maolaithe agus oiriúnaithe ar fud Earnálacha na Talmhaíochta agus na Talamhúsáide, an Athraithe ar Thalamhúsáid agus na Foraoiseachta (LULUCF). Ba cheart a áireamh leis sin idirphlé éifeachtach, struchtúrtha le páirtithe leasmhara ar nós feirmeoirí, pobail tuaithe agus oibrithe chun bonn eolais a chur faoin dearadh beartais agus faoi riachtanais ó thaobh maoiniú agus oiliúna de. Moltar páipéar fianaisebhunaithe maidir le praghsáil carbóin a ullmhú chun tacú le cinnteoireacht eolasach maidir le cur chuige náisiúnta agus cur chuige ar leibhéal an Aontais i ndáil le praghsáil carbóin. Tá gá le creat náisiúnta talamhúsáide ina gcomhtháthófar torthaí an Athbhreithnithe ar Thalamhúsáid.

Dul chun cinn a dhéanamh maidir le gníomhartha ar mhaithe le maolú agus seasmhacht

Laistigh de bhliain, ba cheart don Rialtas acmhainní a chur ar fáil agus dlús a chur le cur i ngníomh na bpríomhbheart maolaithe a shainaithnítear sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide i gcomhair earnálacha na Talmhaíochta agus LULUCF. Ba cheart don Rialtas uirlis tacaíochta dhigiteach a thabhairt chun críche freisin, a bheidh in oiriúint do phacáistí talún aonair, chun cabhrú le feirmeoirí tionchair, rioscaí agus deiseanna aeráide amach anseo a thuiscint agus chun tacú le roghanna bainistithe ar an bhfeirm. Sa chéad Chlár Foraoiseachta eile, ba cheart spriocanna soiléire a leagan síos chun an cumhdach foraoise a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar bhacainní a bhíonn le sárú ag úinéirí talún agus feirmeoirí.


Fuinneamh in-athnuaite

Ba cheart don Rialtas dlús a chur le cur i ngníomh na Straitéise Bithmheatáin chun tacú le slándáil fuinnimh agus laghduithe astaíochtaí, agus ionas gur féidir éagsúlú a dhéanamh san earnáil Talmhaíochta. Tá géarghá le dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an Oibleagáid um Theas In-athnuaite chun tacú le hinfheistíocht i dtáirgeadh bithmheatáin. Sa Ráiteas Pleanála Náisiúnta ar Fhuinneamh Gréine, ba cheart an dea-chleachtas a leagan amach maidir le forbairt inbhuanaithe fuinnimh gréine lena dtacaítear le talmhaíocht, sláinte ithreach agus bithéagsúlacht.

Príomhfhíricí: Earnáil na talmhaíochta

Uasteorainn astaíochtaí earnála 2021–2025*


Dul chun cinn bunaithe ar an meastachán sealadach ar astaíochtaí




Uasteorainn astaíochtaí earnála 2026–2030

An bhearna mheasta go dtí an uasteorainn (+/-) bunaithe ar an ngníomhaíocht faoi láthair:

le bearta atá ann cheana



le bearta breise



*Tá laghdú nach beag tagtha ar na hastaíochtaí talmhaíochta measta ó bunaíodh na huasteorainneacha in 2022 mar gheall ar athbhreithnithe ar fhardail astaíochtaí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, rud a fhágann go bhféadfadh an earnáil a huasteorainn astaíochtaí atá ceangailteach ó thaobh dlí de a chomhlíonadh gan an laghdú is gá ar an gcéatadán astaíochtaí a bheith bainte amach aici.

Príomhfhíricí: An Earnáil LULUCF


Buiséad measta astaíochtaí LULUCF an Aontais (2026–2030)*

A mhéid a mheastar a shárófar an uasteorainn bunaithe ar an ngníomhaíocht faoi láthair:

le bearta atá ann cheana



le bearta breise



*Níl aon uasteorainn astaíochtaí leagtha síos i leith LULUCF; é sin ráite, leagtar síos le Rialachán LULUCF an Aontais sprioc laghdaithe de 0.626 milliún tona de choibhéis CO_2 (Mt CO_2eq) i nglan-astaíochtaí do 2030 i gcomparáid leis an meán sa tréimhse 2016–2018.



Moltaí i leith oiriúnú don athrú aeráide agus seasmhacht ina leith

Foilsíodh é seo ar dtús an 29 Meán Fómhair 2026

Pleanáil i dtaobh oiriúnú

Ba cheart don Rialtas cur chuige solúbtha a chur chun cinn sa chóras pleanála ionas gur féidir le lucht cinnteoireachta oiriúnú de réir mar a fheabhsaíonn an tuiscint ar rioscaí atá ag teacht chun cinn. Ba cheart do na hearnálacha dlús a chur leis an obair chun táscairí agus córais i ndáil le torthaí an oiriúnaithe a fhorbairt, lena mheas an bhfuil bearta oiriúnaithe ag cur leis an leibhéal seasmhachta. Ní mór don Rialtas aistriú ó oiriúnú frithghníomhach go hoiriúnú réamhghníomhach agus modh caighdeánaithe a fhorbairt chun costas gníomhaíochtaí a ríomh, agus gníomhaíochtaí a gcuirtear moill orthu agus easpa gníomhaíochta san áireamh, ionas gur féidir riachtanais infheistíochta a mheas agus gníomhaíochtaí a chur in ord tosaíochta. Ba cheart dlús a chur leis na trí thionscadal atá san áireamh sa Chlár Rialtais faoina bhfuiltear ag féachaint conas athrú an chósta a bhainistiú agus ba cheart iad a bheith ina n-eiseamláirí maidir le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna móra i dtaobh na seasmhachta de do phobail leochaileacha.

Seasmhacht in aghaidh tuilte

Ba cheart don Rialtas acmhainní agus saineolas teicniúil a neartú i measc na n-eagraíochtaí go léir atá bainteach leis an riosca tuilte a bhainistiú in Éirinn. Tá an saineolas agus an fhoireann is gá ag teastáil ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus ó údaráis áitiúla chun dlús a chur le scéimeanna móra cosanta tuilte agus leis an leathnú ar an Scéim um Oibreacha Beaga Maolaithe Tuilte agus um Chosaint Cósta. Ba cheart eolas cothrom le dáta a chur ar fáil go rialta maidir le cur i bhfeidhm tionscadal chun trédhearcacht a fheabhsú i measc údaráis áitiúla agus pobal agus ionas gur féidir leo foghlaim óna chéile. Anuas air sin, ba cheart don Rialtas cur leis an acmhainneacht maidir le córais réamhaisnéise tuilte agus luathrabhaidh, agus cláir bhuana maidir le seasmhacht pobail a bhunú a bheidh ag plé le cosc, ullmhacht, cosaint agus téarnamh. Ba cheart don Rialtas dul níos faide ná tionscadail phíolótacha agus díriú ar chur le scála na gcineálacha cur chuige atá bunaithe ar an dúlra i ndobharcheantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha agus cósta.



Moltaí i leith na nEarnálacha Tionsclaíochta agus Dramhaíola

Foilsíodh é seo ar dtús an 14 Deireadh Fómhair 2026

Dícharbónú an teasa sa tionsclaíocht

Tá soláthar bithmheatáin ón tír seo féin ríthábhachtach chun dícharbónú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha ardteochta nach furasta iad a leictriú. Ba cheart don Rialtas clabhsúr a chur ar an Oibleagáid um Theas In-athnuaite ar bhonn práinne chun tosú ag táirgeadh bithmheatáin agus, ag an am céanna, ba cheart dó scéim tacaíochta ar leithligh a thabhairt isteach maidir le bithmheatán a ghiniúint sa tír seo, scéim a bheidh i gcomhréir le ceanglais an Aontais Eorpaigh. Ba cheart don Rialtas laghdú a dhéanamh ar na moilleanna agus na costais a bhaineann le nascadh leis an eangach leictreachais, rud atá ag cur srian ar leictriú próiseas tionsclaíoch ísealteochta agus meánteochta.

Stroighin agus coincréit ísealcharbóin

Mar bheart práinneach, ba cheart d'Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann caighdeáin nua a fhorbairt agus dlús a chur leis an bpróiseas formheasa do theicneolaíochtaí stroighne agus coincréite ísealcharbóin, agus ba cheart don Rialtas na creataí dlí agus beartais is gá a chur ar fáil ionas gur féidir carbón a ghabháil, a iompar agus a stóráil in Éirinn, agus béim ar leith á leagan air sin a dhéanamh maidir le táirgeadh stroighne agus aoil.

An geilleagar ciorclach agus adhmad san earnáil tógála

Ba cheart don Rialtas dlús a chur le cur i ngníomh na Straitéise um Gheilleagar Ciorclach 2026–2028 agus, faoin straitéis sin, ba cheart dó treochlár ciorclaíochta don earnáil foirgníochta a fhoilsiú faoi dheireadh 2026 agus ba cheart dó an Treoir Réime Dramhaíola a thrasuí de réir an sceidil faoi Mheitheamh 2027. Ba cheart don Rialtas saoráid bhuan forbartha eolais agus nuálaíochta adhmaid a bhunú freisin, le tacaíocht ó fhóram tionscail náisiúnta, chun dul i ngleic le bacainní teicniúla agus bacainní tráchtála ó thaobh adhmad Éireannach a úsáid i dtáirgí foirgníochta ardluacha.


Seasmhacht i leith na haeráide

Ba cheart don Rialtas leathnú a dhéanamh ar an treoir agus an tacaíocht airgeadais do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide chun rioscaí aeráide a mheas, bearta oiriúnaithe a chur i bhfeidhm agus bearta éifeachtúlachta uisce a ghlacadh. Ba cheart don Rialtas measúnú ar fud an gheilleagair a choimisiúnú freisin féachaint cé mhéad atá Éire faoi lé rioscaí aeráide trasteorann, agus rioscaí do shlabhraí soláthair ó thar lear san áireamh.

Príomhfhíricí: Earnáil na Tionsclaíochta

Uasteorainn astaíochtaí earnála 2021–2025


Dul chun cinn bunaithe ar an meastachán sealadach ar astaíochtaí




Uasteorainn astaíochtaí earnála 2026–2030

A mhéid a mheastar a shárófar an uasteorainn bunaithe ar an ngníomhaíocht faoi láthair:

le bearta atá ann cheana




le bearta breise



Príomhfhíricí: an Earnáil 'Eile'*

Uasteorainn astaíochtaí earnála 2021–2025


Dul chun cinn bunaithe ar an meastachán sealadach ar astaíochtaí



Uasteorainn astaíochtaí earnála 2026–2030

A mhéid a mheastar a bheifear faoi bhun na huasteorann bunaithe ar an ngníomhaíocht faoi láthair:

le bearta breise agus le bearta atá ann cheana



*Áiríonn earnálacha 'Eile' astaíochtaí ó F-gháis, ó dhramhaíl agus ó scagadh peitriliam. Is ionann na cásanna leis na bearta atá ann cheana agus leis na bearta breise, toisc nach nglactar leis go mbeidh aon bhearta maolaithe breise i gceist don earnáil 'Eile'.



Moltaí i leith na bithéagsúlachta

Foilsíodh é seo ar dtús an 4 Samhain 2026

Feidhmiú agus infheistíocht san earnáil phoiblí

Chun go bhféadfar an Plean Athchóirithe Náisiúnta a chur i gcrích, ní mór don Rialtas maoiniú fadtéarmach, ilbhliantúil a ghealladh agus straitéis a fhorbairt chun maoiniú a fháil ón earnáil phríobháideach le haghaidh caomhnú agus athchóiriú. Ba cheart aghaidh a thabhairt go práinneach ar an mbearna mhór i dtaobh scileanna bithéagsúlachta trí ghairmeacha a bhaineann le bithéagsúlacht a chur le liosta na nGairmeacha Scileanna Criticiúla. Ba cheart an dualgas tuairiscithe maidir le bithéagsúlacht a leathnú chun go bhféadfar monatóireacht agus fíorú a dhéanamh ar thionscnaimh bhithéagsúlachta a dhéanann comhlachtaí poiblí, agus ba cheart do chomhlachtaí poiblí tabhairt faoi chaomhnú agus athchóiriú an dúlra ar thalamh stáit ar scála níos mó.

Bearta atá bunaithe ar an dúlra agus bainistíocht talún

Chun tacú le húinéirí talún maidir le bearta atá bunaithe ar an dúlra a chur i bhfeidhm, ba cheart don Rialtas sruth maoinithe a fhorbairt, suíomhanna tosaíochta a aithint agus plean cur chun feidhme a ullmhú faoin gcéad ráithe de 2028. Ba cheart cur leis an uaillmhian agus an tacaíocht do scéimeanna talmhaíochta agus comhshaoil atá bunaithe ar thorthaí faoin gcéad chéim eile den Chomhbheartas Talmhaíochta freisin agus ba cheart neartú a dhéanamh ar chosaint na bhfálta sceach. Ba cheart don Rialtas léarscáil a dhéanamh de spásanna glasa agus ceannbhrat duilliúir atá i gceantair uirbeacha faoi láthair faoin tríú ráithe de 2027, chun bonn eolais a chur faoi na spriocanna i leith 2050.

Seasmhacht an chósta agus seasmhacht mhuirí

Chun cur le seasmhacht an chósta, ba cheart don Rialtas gnáthóga leathnádúrtha cósta a leathnú agus a athchóiriú agus bearta atá bunaithe ar an dúlra a thástáil i gceantair thosaíochta. Ba cheart don Rialtas an rialachas a neartú freisin i ndáil le láithreáin mhuirí Natura 2000 agus leis na Limistéir Mhuirí faoi Chosaint atá ar na bacáin, chun an bhithéagsúlacht agus na buntáistí aeráide a uasmhéadú.

Cad iad spriocanna na hÉireann maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa?

Tá Éire ar cheann de 190 tír a shínigh Comhaontú Pháras, a bhfuil sé ina aidhm leis an téamh domhanda a theorannú go dtí cuid mhaith faoi bhun 2°C agus an méadú a theorannú go 1.5°C.

Le buiséid charbóin a mholann an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, tacaítear leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide maidir le geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, atá seasmhach agus neodrach ó thaobh na haeráide de agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach faoi 2050. Dírítear sa chéad dá bhuiséad carbóin (2021–2025 agus 2026–2030) ar laghdú 51% ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil na bliana 2018. I mí na Nollag 2024, mhol an Chomhairle an leagan deiridh den tríú buiséad carbóin (2031–2035) agus leagan sealadach den cheathrú buiséad (2036–2040) chun tacú le neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050. Bhí na buiséid sin bunaithe ar na sonraí astaíochtaí, ar an gcomhairle eolaíoch agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta is déanaí, agus tá sé i gceist leo na tairbhí eacnamaíocha is fearr is féidir a bhaint amach agus an ceartas aeráide á chur san áireamh. Tá an tríú buiséad carbóin agus an leagan sealadach den cheathrú buiséad carbóin fós le formheas ag an Rialtas.

Cad is buiséad carbóin ann?

Léiríonn buiséad carbóin méid iomlán na n-astaíochtaí a fhéadfar a scaoileadh le linn tréimhse chomhaontaithe 5 bliana. Tomhaistear é sin ina dtonaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin agus déantar é a ríomh ar fud an gheilleagair. Má sháraíonn Éire ceann dár mbuiséid charbóin, ní mór an méid breise a chúiteamh sa chéad tréimhse eile. Is é atá i gceist leis na buiséid charbóin Éire a chur ar an mbóthar ceart chun bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050.

Cad is uasteorainn astaíochtaí earnála ann?

Is éard atá i gceist le huasteorainneacha astaíochtaí earnála ná méid iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a cheadaítear do gach earnáil den gheilleagar a tháirgeadh le linn tréimhse ar leith. In Éirinn, leagtar síos leis na huasteorainneacha astaíochtaí earnála uasmhéid na n-astaíochtaí a cheadaítear ó gach earnáil lena chinntiú go gcloífidh Éire lena buiséid charbóin. Is iad seo a leanas na hearnálacha:

- Leictreachas,
- Earnáil na Tionsclaíochta agus Eile,
- Iompar,
- An Timpeallacht Thógtha (an earnáil chónaithe, an earnáil tráchtála agus an earnáil phoiblí),
- Talmhaíocht,
- Talamhúsáid, Athraithe ar Thalamhúsáid agus Foraoiseacht.[d]

d Níl aon uasteorainn astaíochtaí leagtha síos i leith LULUCF; é sin ráite, leagtar síos le Rialachán LULUCF an Aontais sprioc laghdaithe de 0.626 milliún tona de choibhéis CO2 i nglan-astaíochtaí do 2030 i gcomparáid leis an meán sa tréimhse 2016–2018.